

Beir ar na Francaigh!


Tá duine i ndiaidh gaiste francach a cheapadh a chuireann teachtaireacht ríomhphoist chugat nuair a bheireann sé ar fhrancach.

■ Chomh luath agus a théann francach isteach sa ghaiste brúnn a mheáchan ar cheap a oibríonn lasc nuair a chuirtear brú air.


■ Is ansin a dhruideann doirse an ghaiste agus a thagann an gás dé-ocsaíd charbóin isteach sa ghaiste leis an fhrancach a mharú.

■ Ansin cuireann an gaiste teachtaireacht ríomhphoist nó téacs chugat le rá gur rug sé ar fhrancach.

Ná gabh isteach ar an doras sin nó beidh tú i dtrioblóid!




Oibrígí le chéile le ciorcad simplí a dhéanamh le taispeáint cad é mar a d'fhéadfadh an gaiste oibriú.



Beir ar na Francaigh!

Tá na francaigh ag amharc ar chiorcad le fáil amach cad é mar a d'fhéadfadh an gaiste nua oibriú.



Nuair a shiúlaimid ar an lasc druideann sé agus déanann sé ciorcad.

Ní oibreoidh an ciorcad sin! Caithfidh an lasc bheith taobh leis an chomhartha + ar an chadhna.

Is cuma cá bhfuil an lasc sa ciorcad, oibreoidh sé mar sin féin.

Caithfimid é seo a fhiosrú!


Oibrígí i mbeirteanna le ciorcad a dhéanamh a bhfuil bolgán agus dordán ann. Ansin féachaigí le fáil amach cad é mar a thiocfadh libh:

- an bolgán a chur ag lonrú níos gile.
- an dordán a chur ag dordánacht níos callánaí.

Pléigí cé acu a thiocfadh libh an ciorcad a athrú leis:

- an lonrú sa bholgán a laghdú.
- an dordánacht sa dordán a dhéanamh níos ciúine.

Déan nó tarraing na ciorcaid a d'athraigh tú.



Ós rud é go bhfuil tú ar an eolas faoi mar atá daoine ag breith ar fhrancaigh... an dtig leat gléas a dhearadh a úsáideann ciorcad le cuidiú le hainmhithe?

- Cad iad na cineálacha rudaí, a bhfuil ciorcaid leictreacha iontu, a d'fhéadfadh ainmhithe a chosaint?
- Déan liosta de na rudaí uilig a smaoiníonn tú orthu.
- Roghnaigh ceann nó dhó de do smaointe agus bain triail as an chiorcad a dhéanamh. An dtig leat a mhíniú cad é atá ag tarlú sa chiorcad?
- Cuir do smaointe i láthair dhaoine eile.